# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**26ú Iúil 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**25.07** Satharn 7 i.n. (Cuimh Míosa)
Neil "Budgie" Mc Mullan, Cushendall/Mín Doire
**25.07** Satharn **5.45 i.n. athrú ama**
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**26.07** Domhnach 9 r.n.
Bríd Ní Ghríofa, An Cheathrúin/An Fál Carrach
**26.07** Domhnach 11 i.n. Aifreann na Mairbh
**27.07** Luain 7 i.n.
Dan,Mary agus James Curran,An Ardaí Mhór
**28.07** Máirt 10 r.n.
Micí,Bridget & Frank Mac Pháidín,Caoldroim
**29.07** Céadaoin 7 i.n
tAth Frank Sheridan
**30.07** Déardaoin 7 i.n.
**31.07** Aoine 7 i.n.
**01.08** Satharn 11 r.n.
An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00.
Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh
**01.08** Satharn 1 i.n. Pósadh
**01.08** Satharn 7 i.n.
Christopher Mandy Mc Gee,An Ardaí Bheag
**01.08** Satharn **5.45 i.n. athrú ama**
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**02.08** Domhnach 9 r.n.
**02.08** Domhnach 11 i.n.
Mary agus Brianaí Ó hOireachtaigh,Machaire Rabhartaigh
**02.08** Domhnach 1 i.n. Baisteadh

**BÁS LE GAIRID**

Nellie Nic Aoidh, Glais a' Chú
Dan Coll, Inis Bó Finne agus An Fál Carrach
Joe Duggan, Doire Chonaire

**CUIMHNEACHÁN BAIS**

John O'Donnell, Caiseal Na gCorr
Denis,Mary agus John Mac Pháidín,Caoldroim/Glaschú

**CRUINNIÚ AIRGID**

Tógadh €1,775 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**DÁTA DON DIALANN**

26.07.2026 – Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** 087 1965933
**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA** 085 756 0177

## AN SEACHTÚ DOMHNACH DÉAG A

**AN CHÉAD LÉACHT**

**Sliocht as céad leabhar na Ríthe. 3:5, 7-12.**

I Gibeon nocht an Tiarna é féin do Sholamh i mbrionglóid oíche amháin agus dúirt leis: "Cibé rud is mian leat a fháil uaim, iarr orm é." Dúirt Solamh: "A Thiarna Dia, tá rí déanta agat díomsa, do shearbhónta, i ndiaidh Dháiví, m'athair. Nil ionam ach fear óg, gan oiliúint mar threoraí. Tá do shearbhónta i measc an phobail seo atá tofa agat, pobal atá chomh hiomadúil sin nach féidir a líon a áireamh ná a mheas. Tabhair do do shearbhónta croí tuisceanach chun an mhaith a aithint thar an olc, óir cé a d'fhéadfadh bheith i gceannas ar an phobal seo atá chomh líonmhar sin?" Ba ábhar sasaimh é seo don Tiarna gur iarr Solamh a leithéid seo. Duirt an Tiarna leis: "De bhrí gurb é seo an rud a d'iarr tú agus nach fad saoil duit féin, ná saibhreas, ná bás do naimhde, ach thú a bheith in ann breith thuisceanach a thabhairt, déanaim duit ar an toirt mar a d'iarr tú. Bronnaim ort croí ciallmhar tuisceanach nach raibh a leithéid ag aon duine romhat agus nach mbeidh a leithéid ag aon duine i do dhiaidh." **Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**

Á, nach aoibhinn liom do dhlí, a Thiarna.

**AN DARA LÉACHT**

**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh. 8:28-30.**

A bhráithre, tá fhios againn go gcomhoibríonn Dia leo sin a bhfuil grá acu dó agus a bhfuil glaoite aige orthu de réir a chomhairle féin. Mar na daoine a thogh sé dó féin ó thús, thogh sé ó thús iad le bheith cosúil lena Mhac féin sa tslí go mbeadh seisean ina shinsear ar chlann líonmhar. Na daoine a bhí ceaptha ó thús aige is iad sin a ghlaoigh sé chuige féin, na daoine a bhí glaoite chuige féin aige is iad sin a d'fhíréanaigh sé agus na daoine a bhí fíréanaithe aige, is iad sin a ghlóirigh sé. **Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**

**Alleluia, alleluia!**

Biodh teachtaireacht Chríost ina cónaí faoi rath ionaibh. Gabhaigí buíochas trí Chríost le Dia ár nAthair. **Alleluia.**

**SOISCÉAL**

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 13:44-45.**

San am sin dúirt Íosa lena dheisceabail: "Is cosúil ríocht na bhflaitheas le stór a bhí i bhfolach i ngort agus nuair a gheibh duine é ghní sé é a choinneáil, díolann a bhfuil aige agus ceannaíonn sé an gort sin."

"Arís, is cosúil ríocht na bhflaitheas le ceannaí a bhí ag lorg péarlaí breátha. Tharla aon phéarla amháin leis a bhí an-luachmhar agus d'imigh agus dhíol a raibh aige agus ceannaíonn sé é." **Soiscéal an Tiarna. FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**HALLA NA PARÓISTE**

Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*

Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.

Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7.00 - 12.00 i.n.

Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 - 7.30 i.n.

Slimming World Déardaoin 7.30 - 9.00 r.n.

Banna Ceoil Déardaoin 6.30 - 8.30 i.n.

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011

**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.

**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599

**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991

**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596

**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.org

**CLÉIRIGH**

**Dé Sathairn 25/07 @ 7.00:** Brídann Ní Ghallachóir

**Dé Domhnaigh 26/07 @ 9.00:**

**Dé Domhnaigh 26/07 @ 11.00:** Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**Dé Sathairn 01/08 @ 7.00** Brídann Ní Ghallachóir

**Dé Domhnaigh 02/08 @ 9.00:** Iarla, Naoise & Paddy Ó Ceallaigh

**Dé Domhnaigh 02/08 @ 11.00:**

**LÉITHEOIRÍ - Lúnasa**

Dé Sathairn @ 7 i.n. Marie Ní Chearnaigh

Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóra Nic Gearailt

Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Síle Ní Bhiataigh

**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Lúnasa**

Dé Sathairn @ 7 i.n. Caitlín Ní Ghallchóir & Rita Nic Gabhann

Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Sinéad Ní Cholm & Nóirín Nic Aoidh

Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Méabha Whoriskey & Bríd Nic Eachmharcaigh

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**

**Dé Luain:** Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10.00-11.30 r.n.

**"Find the Joker"** ,Tá boscaí sna siopaí & tá clúdaigh le fáil sa bhosca taobh amuigh den Ionad fosta anois don chluiche "Find the Joker" 3 chlúdach ar €5 & cuir do 3 uimhir sna boscaí ar na clúdaigh. Póta óir ag toiseacht ag €650 Tarraingítear 3 chlúdach ón druma gach seachtain, mar sin beidh 3 bhuaiteoir againn gach seachtain

Dóibh siúd atá ag ceannacht ar líne, cuir teachtaireacht chugainn le do chuid uimhreacha.

*Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692*

**COMÓRADH 60 BLIAIN**

Tá sé trí scór bliain ó shoin i mbliana ó choisric an Canónach S. Ó Siadhail Grotto Mhuire ar an Ardaí Bheag.

In ómós na h-ócáide beidh paidrín ag an Scrín Dé Máirt 28ú Iúil ar 7.30 ı. n.

**Suirbhé Pobail faoi Sheanscoil Ghort a' Choirce**

Tá suirbhé ceangailte leis an nuachtlitir an tseachtain seo. Beidh cóipeanna le fáil sna siopaí fosta. Thig leat é a líonadh agus a fhágáil in Siopa Mhic Laifeartaigh, An Garáiste, Teach a' Phobail nó Siopa Buistéara Mhic Géidigh roimh 9/8/2026.

Do dhuine ar bith atá ag iarraidh á líonadh ar líne - tá nasc anseo.

Go raibh míle maith agat as do chuidiú leis seo. Tá sé tábhachtach tuairim an phobail a fháil le tacú leis an iarratas ar mhaoiniú.

https://forms.cloud.microsoft/e/thf4wZ29Uv

**De thairbhe seirbhís na Reilige ar an Domhnach seo 26ú Iúil,ní bheidh tae agus comhrá sa tSeanscoil idir 11.30 r.n.-1 i.n.**

**Rúndiamhair an Chreidimh**

Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**

**Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.**

**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.**

**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh .**

**THE IRISH CATHOLIC**

Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.

Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**

Lotto: Comhghairdeachas le Sean Ó Gallachóir a bhain €100

B'iad 3-4-8-10-16-18 na huimhreacha. Póta óir anois€3,300